C1 – Poiblí

# DRÉACHT-STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM BITHACMHAINNÍ

## Tuarascáil Chomhshaoil SEA



IE000883
F01
Bealtaine 2026

rpsgroup.com

# Clár Ábhair

**ACHOIMRE NEAMHTHEICNIÚIL......................................................................................................................1**

## Táblaí

Tábla 1: Céimeanna sa Phróiseas SEA ..........................................................................................................2
Tábla 2: Ceanglais na Treorach SEA agus an t-alt ábhartha sa Tuarascáil Chomhshaoil ................................3
Tábla 3: Measúnú Achomair agus Dearcadh Amach Anseo do Réimse Beartais Comhshaoil ar Leith agus Ábharthacht maidir leis an dréacht-Straitéis ..........................................................................6
Tábla 4: Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil ...................................................................................................10
Tábla 5: Na Roghanna Eile a Measadh...........................................................................................................12

# ACHOIMRE NEAMHTHEICNIÚIL

## Réamhrá

D'ullmhaigh RPS Tetratech, le tacaíocht ó Egis thar ceann Uisce Éireann (UÉ), an Tuarascáil Chomhshaoil do Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) seo mar chuid de SEA na dréacht-Straitéise Náisiúnta um Bithacmhainní (dá ngairtear an "dréacht-Straitéis" nó an "dréacht-NBioS) atá ina nuashonrú an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Fuíolluisce (NWSMP) a foilsíodh in 2016. Is é aidhm na Tuarascála Comhshaoil SEA ná:

- Eolas a dhéanamh d'fhorbairt na dréacht-Straitéise;
- Tionchair shuntasacha dhealraitheacha na dréacht-Straitéise agus roghanna eile réasúnta a shainaithint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a mheas; agus
- Deis luath a chur ar fáil d'údaráis reachtúla agus do dhaoine den phobal tuairimí a thabhairt faoi ghné ar bith den Tuarascáil Chomhshaoil seo agus faoi cháipéisíocht na dréacht-Straitéise a ghabhainn léi trí mheán comhairliúcháin.

## Cúlra agus Ábhar na Dréacht-Straitéise

Leagadh amach sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Fuíolluisce (NWSMP) atá ann cheana féin, a foilsíodh in 2016, straitéis 25 bliain chun bainistiú inbhuanaithe sloda fuíolluisce ar fud na tíre a chaighdeánú. I ndiaidh athbhreithnithe, d'athainmnigh Uisce Éireann an nuashonrú ar an NWSMP mar an dréacht-Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní (dá ngairtear an dréacht-Straitéis nó an dréacht-NBioS) chun ailíniú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, na neodrachta carbóin, agus na hinbhuanaitheachta. Tá léargas sa straitéis sin faoin gcaoi a ndéanfaidh Uisce Éireann sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a bhainistiú as seo amach i gcomhthéacs geilleagair chiorclaigh, neodrachta carbóin agus inbhuanaitheachta.

I gcomhréir leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú) (rUWWTD) arna glacadh i Samhain 2024), tá an dréacht-Straitéis dírithe ar na ceanglais nua reachtaíochta go léir a bhaineann le sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a chomhlíonadh, amhail an mhonatóireacht, an neodracht fuinnimh agus an geilleagar ciorclach sna blianta amach romhainn. Áirítear sna príomh-bhithacmhainní atá sa dréacht-Straitéis slodaí fuíolluisce cóireáilte agus cobhsaithe (bithsholaid) agus fotháirgí gaolmhara amhail bithghás/bithmheatán. Beidh tionchar ag moltaí na dréacht-Straitéise chomh maith ar ghníomhaíochtaí caipitil agus oibriúcháin do bhainistiú bithacmhainní inbhuanaithe in Éirinn amach anseo.

Áirítear i bpríomhchodanna na dréacht-Straitéise:

- Achoimre fheidhmeach agus fís 25 bliain (Fís don Todhchaí 2050).
- Caibidil faoi céard is sloda fuíolluisce agus bithacmhainní ann, na cainníochtaí agus na bealaí úsáide reatha atá ann (faoi láthair úsáidtear iad go léir ar thalamh talmhaíochta).
- Cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha lena dtugtar aghaidh ar bhainistiú inbhuanaithe, cosaint chomhshaoil, tacaíocht phobail agus bhithgheilleagair, agus oibriúcháin éifeachtúla. Áirítear sa chaibidil léaráid lena leagtar amach na seirbhísí fuíolluisce agus bithacmhainní a chuireann UÉ ar fáil.
- Teicneolaíochtaí cóireála agus cur síos ar phróiseas (Díleá Anaeróbach (AD), Ard-Díleá Anaeróbach (AAD), triomú teirmeach, múiríniú, cobhsú aoil, Giolcarnach Shloda).
- Athbhreithniú ar theicneolaíocht Ard-Athraithe Teirmeach (ATC) (pirealú, gásúchán, carbónú hidriteirmeach, srl.) agus pleananna i dtaobh trialacha agus ionad taispeána.
- Straitéis iompair agus Uirlis Tacaíochta Cinnteoireachta (DST) chun lóistíocht, carbón agus costais a bharrfheabhsú.
- Pleanáil bhonneagair: Ionaid Bhithacmhainní réigiúnacha in ord tosaíochta agus Ionaid Dí-uiscithe Satailíte in ord tosaíochta.
- Monatóireacht, tuairisciú agus Scéim Cáilíochta Bithsholad (BAS) beartaithe do dhearbhú cáilíochta neamhspleách.

- Clár Taighde agus Nuálaíochta lena liostaítear comhoibriú agus tionscadail tástála náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Cur chuige feidhmithe, rialachas, timthriall athbhreithnithe (gach cúig bliana ar a laghad), agus comhtháthú i dtimthriallta cistiúcháin rialála.

## Modheolaíocht an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta

Is reachtaíocht na hEorpa í an Treoir (arna cur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann) lena n-éilítear go mbíonn pleananna agus cláir áirithe, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol, faoi réir an phróisis SEA. Ar an iomlán, is ionann an próiseas SEA agus na céimeanna seo a leanas arna gcur síos in **Tábla 1.**

**Tábla 1: Céimeanna sa Phróiseas SEA**

| Gníomh/Céim SEA | Cuspóir | Stádas |
|---|---|---|
| **Scagadh** | Is é is aidhm na céime seo den phróiseas ná cinneadh a bhaint amach más rud é go bhfuil SEA na dréacht-Straitéise de dhíth nó nach bhfuil. | Tá an chéim seo críochnaithe agus cinneadh go raibh SEA de dhíth. |
| **Meas scóip agus comhairliúcháin reachtúla** | Sainmhíniú a thabhairt ar an méid a bheadh san áireamh sa mheasúnú comhshaoil agus labhairt le grúpaí reachtúla lena n-áiríodh an GCC. | Cuireadh an chéim seo i gcrích i Lúnasa 2024. |
| **Measúnú Comhshaoil agus comhairliúchán** | Chun tionchair na dréacht-straitéise ar an timpeallacht a mheas agus chun éisteacht le daoine den phobal faoin mhéid a cheapann siad faoin dréacht-straitéis agus faoin mheasúnú. | Seo an stádas atá againn faoi láthair. |
| **An Ráiteas SEA** | Chun sainmhíniú a thabhairt faoin gcaoi a pléadh leis na saincheisteanna ag a raibh imní ag daoine ina dtaobh agus an chaoi a chabhraigh an measúnú comhshaoil le leas na dréacht-Straitéise. | Beidh sé sin ar siúl mar chuid de thabhairt chun críche na Straitéise. |

D'oibrigh baill den fhoireann comhshaoil agus den fhoireann straitéise araon le chéile ag gach céim. Chabhraigh siad leis an méid seo a leanas: an stádas reatha a sheiceáil, smaoineamh ar thuairimí éagsúla agus iad a chur i gcomparáid, athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha beartaithe, agus bealaí a mholadh chun aon díobháil chomhshaoil féideartha a laghdú.

Nuair a bhí an raon feidhme á mheas (an chéim luath ina leagtar amach béim an SEA), iarradh ionchur ó na húdaráis chomhshaoil oifigiúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Scríobhadh Tuarascáil Scóipe agus reáchtáladh ceardlann faoi Scóip SEA ar an 14 Lúnasa 2024 chun raon feidhme na measúnuithe comhshaoil a phlé.

Cuireadh na hábhair go léir a bhaineann leis an gcomhshaol arna liostú i dTreoir SEA do mheasúnú na dréacht-Straitéise. Is ionann iad sin agus an méid seo a leanas: Daonra agus Sláinte an Duine; Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna; Talamh agus Ithir; Uisce; Cáilíocht an Aeir; Tosca Aeráide; Sócmhainní Ábhartha; Oidhreacht Chultúrtha; Tírdhreach agus Muirdhreach.

Is nuashonrú ar phlean náisiúnta í an dréacht-Straitéis agus mar sin bhí an measúnú dírithe ar an leibhéal náisiúnta straitéiseach. Bunaithe ar cheanglais reachtaíochta agus ar threoir, leagadh amach an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa Tuarascáil Chomhshaoil in **Tábla 2**.

**Tábla 2: Ceanglais na Treorach SEA agus an t-alt ábhartha sa Tuarascáil Chomhshaoil**

| Ceanglas na Treorach SEA (Airteagal 5(1) Iarscríbhinn I) | Caibidil na Tuarascála Comhshaoil |
|---|---|
| Imlíne ar ábhar agus ar phríomhaidhmeanna an phlean nó an chláir, nó mionathrú ar phlean nó ar chláir, agus an nasc le pleananna nó cláir ábhartha eile. | Caibidil 2: Cúlra agus Ábhar na dréacht-Straitéise<br>Caibidil 4: Athbhreithniú ar Phleananna, Beartais agus Cláir Ábhartha |
| Gnéithe ábhartha stádas reatha an chomhshaoil agus an fhorbairt dhealraitheach de gan feidhmiú an phlean nó an chláir, nó mionathrú ar phlean nó ar chlár. | Caibidil 5: Gnéithe Ábhartha Stádas Reatha an Chomhshaoil (Bunlíne) |
| Tréithe comhshaoil na réimsí is dóigh a bheadh faoi thionchar suntasach. | Caibidil 5: Gnéithe Ábhartha Stádas Reatha an Chomhshaoil (Bunlíne) |
| Aon fhadhb chomhshaoil a bhí ann cheana féin, agus a bhaineann leis an bplean nó leis an gclár, nó le mionathrú ar phlean nó ar chlár, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le réimse ar bith ag a bhfuil tábhacht comhshaoil ar leith, amhail limistéir ainmnithe de bhun na Treorach um Éin nó na Treorach um Ghnáthóga ach go háirithe. | Caibidil 5: Gnéithe Ábhartha Stádas Reatha an Chomhshaoil (Bunlíne) |
| Cuireadh na cuspóirí um chosaint chomhshaoil, arna mbunú ag leibhéal idirnáisiúnta, ag leibhéal an Aontais Eorpaigh nó ag leibhéal náisiúnta, a bhaineann leis an bplean nó leis an gclár, nó le mionathrú ar phlean nó ar chlár, agus na cuspóirí sin agus aon chúinse comhshaoil san áireamh le linn an phróisis ullmhúcháin. | Caibidil 4: Athbhreithniú ar Phleananna, Beartais agus Cláir Ábhartha |
| Na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol, lena n-áirítear fadhbanna amhail an bhithéagsúlacht, daonra, sláinte an duine, fauna, flora, ithir, uisce, aer, tosca aeráide, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha lena n-áirítear oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta, tírdhreach agus an t-idirghaol idir na tosca thuas. | Caibidil 8: Measúnú ar Chás Roghnaithe |
| Na cúinsí arna samhlú chun aon tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol a bhaineann le cur chun feidhme an phlean nó an chláir, nó mionathrú ar phlean nó ar chlár a chosc, a laghdú nó a mhaolú chomh hiomlán agus is féidir. | Caibidil 9: Maolú agus Monatóireacht |
| Imlíne ar na cúiseanna i dtaca le roghanna eile a pléadh a roghnú, agus cur síos ar an gcaoi a tugadh faoin mheasúnú lena n-áirítear aon deacracht (amhail easnaimh theicniúla nó easpa saineolais) agus an fhaisnéis atá de dhíth á cur le chéile. | Caibidil 7: Roghanna Eile a Mheas |
| Cur síos ar na cúinsí atá samhlaithe i dtaca le monatóireacht ar thionchair shuntasacha chomhshaoil a bhaineann le cur chun feidhme an phlean nó an chláir, nó le mionathrú ar phlean nó ar chlár. | Caibidil 9: Maolú agus Monatóireacht |
| Achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sna ceannteidil thuas. | Achoimre Neamhtheicniúil |

Anuas ar an SEA sin, éilíonn Treoir an AE um Ghnáthóga (92/43/CE) ar dhéantóirí pleananna chun an fhéidearthacht a mheas i dtaca le tionchar diúltach ar láithreáin na hEorpa. Áirítear sna láithreáin sin limistéir ainmnithe d'fhonn gnáthóga agus flora agus fauna fiáine a chosaint agus a chaomhnú agus áirítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna) agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) leo.

Mar aitheantas air sin, tugadh smaoineamh luath ar an ngá le haghaidh AA agus ullmhaíodh tuairisc mar thacaíocht scagtha AA comhthreomhar leis an Scóip SEA. Mheas Uisce Éireann, *nach féidir é a chur as an áireamh*, ar bhonn faisnéise eolaíche oibiachtúla i ndiaidh scagadh faoin Rialachán sin den dréacht-Straitéis bheartaithe, ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, agus beidh tionchar suntasach ar Láithreáin na hEorpa agus beidh Measúnú Cuí de dhíth. Mar sin, ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) go comhthreomhar leis an Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus an dréacht-Straitéis. Cuireadh torthaí an NIS san áireamh mar chuid den SEA agus cuireann sé go díreach leis an measúnú ar bhithéagsúlacht, flora agus fauna san SEA seo. Déanfaidh Uisce Éireann, ina ról mar an t-údarás inniúil, cinneadh faoin AA sula nglactar leis an dréacht-Straitéis.

# Pleananna agus Cláir Ábhartha

I gcomhréir le Treoir an SEA, sainaithnítear agus déantar measúnú ar na cuspóirí um chosaint chomhshaoil ó phleananna, cláir agus beartais eile sa tuarascáil i dtaca leis an dréacht-Straitéis. Toisc gur nuashonrú í an dréacht-Straitéis ar phlean náisiúnta straitéiseach, bhí an t-athbhreithniú ar phríomhphleananna / príomhchláir dá leithéid dírithe ar leibhéal na hEorpa, ar an leibhéal náisiúnta agus trasteorann i dtaca le bainistiú sloda fuíolluisce, le cáilíocht uisce, leis an ngeilleagar ciorclach agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Pléadh pleananna agus cláir ó phríomhearnálacha agus ábhair eile chomh maith. Ar mhaithe le creat a leagan amach chun an caidreamh idir an dréacht-Straitéis agus na príomhphleananna/ príomhchláir a phlé, bhí an dá cheist seo a leanas chun cinn:

- An gcuireann an dréacht-Straitéis le comhlíonadh na gcuspóirí um chosaint chomhshaoil atá socraithe i bpríomhphleananna / príomhchláir eile; agus
- An méid tionchair a bheidh ag an dréacht-Straitéis ar na cuspóirí/ bearta um chosaint chomhshaoil socraithe sna príomhphleananna /príomhchláir eile sin?

***An Leibhéal Idirnáisiúnta***

Ar bhonn idirnáisiúnta, oibríonn tíortha le chéile ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá roinnt de na spriocanna sin—lena gclúdaítear sláinte, uisce glan, tionsclaíocht agus bonneagar, ídiú freagrach, gníomh aeráide, agus saol ar thalamh—tábhachtach don dréacht-Straitéis. Ní mór go gcuirtear le seachadadh na n-aidhmeanna domhanda comhroinnte sin leis an Straitéis.

Is féidir le comhlachtaí domhanda córais bhia agus feirmeoireachta níos inbhuanaithe agus gníomh níos láidre chun bithéagsúlacht a chosaint a iarraidh. Ba chóir go gcinntítear leis an Straitéis nach ndéantar dochar d'éiceachórais mar gheall ar láimhseáil sloda fuíolluisce a chinntiú agus go dtacaítear le caomhnú ina hionad nuair is féidir.

Léirítear i dtuarascálacha eolaíochta go bhfuil ár n-aeráid á téamh de dheasca gníomhaíochtaí daonna. Mar gheall air sin tá sé tábhachtach go laghdaíonn seirbhísí fuíolluisce astaíochtaí nuair is féidir, acmhainní úsáideacha (amhail cothaithigh agus fuinneamh) a aisghabháil, agus bheith níos athléimní de réir mar a athraíonn pátrúin aimsire.

***Leibhéal na hEorpa***

Tá roinnt dlíthe agus cláir ag an Aontas Eorpach dírithe ar uisce, ithir, aer, dúlra agus sláinte an duine a chosaint. Áirítear i bpríomhdhlíthe an AE:

- Rialacha níos déine ar chóireáil fuíolluisce uirbigh agus teorainneacha faoin mhéid is féidir a scaoileadh ar mhaithe le haibhneacha, lochanna agus mara a chosaint.
- Rialacha maidir le sloda fuíolluisce a bhainistiú i mbealach sábháilte, go háirithe nuair a úsáidtear é sa talmhaíocht ionas nach dtruaillíonn sé an ithir nó an t-uisce.
- An Creat-Treoir Uisce, lena socraítear spriocanna foriomlána le haghaidh dobharlach glan agus sláintiúil.
- Treoracha chun screamhuisce a chosaint, níotráit ó fheirmeoireacht a laghdú, agus astaíochtaí tionsclaíochta dochracha a theorannú.
- Díríonn bearta nua an AE ar mhonatóireacht a dhéanamh ar shláinte ithreach a fheabhsú agus an dúlra ar fud talún agus mara a athchóiriú.

Sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i gcláir ghaolmhara, leagtar amach spriocanna leathana i dtaca le gáis cheaptha teasa a ghearradh, fuinnimh in-athnuaite a úsáid, truailliú a chosc agus an dúlra a athchóiriú. Táthar ag tnúth go dtacaítear leis na haidhmeanna sin leis an dréacht-Straitéis tríd an chaoi a chóireáiltear sloda a fheabhsú, athúsáid a spreagadh agus truailliú a laghdú.

Tacaíonn an AE le tionscadail lena gcabhraítear leis an gcomhshaol agus lena gcuirtear geilleagar ciorclach chun cinn chomh maith—lena n-athraítear dramhaíl go táirgí luachmhara. Ba chóir go n-aimsítear, sa dréacht-Straitéis, bealaí chun cothaithigh agus fuinneamh a aisghabháil i mbealach sábháilte ó shloda fuíolluisce fad a chosnaítear an tsláinte agus an dúlra.

***An Leibhéal Náisiúnta***

Tá dlíthe agus treoir ar leith ag Éirinn i dtaca le sloda fuíolluisce cóireáilte a úsáid sa talmhaíocht chun ithir, uisce agus sláinte phoiblí a chosaint. Tá cóid chleachtais ann lena mínítear an chaoi chun bithsholaid a úsáid i mbealach sábháilte cé go bhfuil athbhreithniú agus nuashonrú de dhíth ón gcód cleachtais is ábhartha. Tá an t-athbhreithniú agus an nuashonrú sin ag teacht leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus le páirtithe leasmhara eile amhail UÉ a thacaíonn leis an athbhreithniú.

San Acht um Sheirbhísí Uisce, mar aon le pleananna fadtéarmacha UÉ, leagtar amach an chaoi gur chóir seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú, lena n-áirítear spriocanna i dtaca le huisce óil sábháilte, an comhshaol a chosaint, agus seirbhísí athléimneacha a dhéanamh amach anseo.

Leagtar amach spriocanna láidre sa dlí agus i straitéisí aeráide náisiúnta chun gáis cheaptha teasa a ghearradh. Táthar ag tnúth go gcabhraítear, leis an dréacht-Straitéis, leis na spriocanna sin a chomhlíonadh trí thacú le haisghabháil fuinnimh agus trí astaíochtaí ón earnáil fuíolluisce a ísliú.

Clúdaítear bithéagsúlacht, caighdeán an aeir, tírdhreach agus dramhaíl i bpleananna náisiúnta eile. Ní mór go mbíonn an Straitéis ag ailíniú leis na pleananna sin ionas nach mbaineann sí an bonn den dúlra nó de shláinte an duine.

**Sláinte, truailliú agus monatóireacht**

- Éilítear ar Éirinn, trí Chonarthaí idirnáisiúnta, substaintí imchoimeádacha tocsaineacha a dhéanann dochar don tsláinte agus don chomhshaol a rialú.
- I rialacha an AE agus na hÉireann araon, leagtar béim ar mhonatóireacht chúramach le haghaidh truailleáin i mbithsholaid agus sa chomhshaol. Tá tástáil rialta agus rialuithe soiléire faoin gcaoi a ndéantar sloda a chóireáil agus a úsáid riachtanach chun uisce, ithir agus sláinte phoiblí a chosaint.
- Sa dréacht-Straitéis tugadh isteach monatóireacht láidir ionas go mbíonn athúsáid bhithsholad sábháilte agus nach mbíonn dochar ar an gcomhshaol dá bharr.

**Aeráid agus athléimneacht**

- Tá tionchar ag an athrú aeráide ar phátrúin bháistí agus ar adhaimsir cheana féin. Leis sin, is féidir deiseanna sábháilte chun bithsholaid a athúsáid ar thalamh a laghdú agus an gá le roghanna stórála agus cóireála athléimní a mhéadú.
- Sa dréacht-Straitéis déanfar roghanna a mheas amhail na háiteanna a úsáidtear na haschuir chóireáilte a éagsúlú, acmhainn stórála a mhéadú, agus teicneolaíochtaí lena n-aisghabhtar fuinneamh nó lena laghdaítear astaíochtaí a úsáid—agus cinntítear go gcomhlíonann na teicneolaíochtaí sin rialacha déine astaíochtaí ag an am céanna.

**Pleanáil agus comhoibriú trasteorann**

- Trí chreataí náisiúnta pleanála agus pleananna réigiúnacha, treoraítear an áit ba cheart an bonneagar a chur. Beidh an dréacht-Straitéis ag teacht leo siúd chun coimhlintí úsáide talún a sheachaint agus chun a chinntiú go gcuirtear saoráidí ar láithreáin i mbealach ciallmhar.
- Dobharlaigh a thrasnaíonn an teorainn le Tuaisceart Éireann. Bíonn na húdaráis ar an dá thaobh ag comhoibriú ar phleananna abhantrach agus ar bhearta cosanta uisce.

**Cén chiall atá leis sin don dréacht-Straitéis**

Comhlíonfaidh an dréacht-Straitéis ceanglais dlí agus tacófar le spriocanna náisiúnta agus an AE i dtaca le huisce níos glaine, ithreacha níos sláintiúla, truailliú laghdaithe, cosaint bhithéagsúlachta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle. Tabharfar tosaíocht do bhainistiú sábháilte, monatóireacht láidir agus céimeanna praiticiúla chun acmhainní (amhail cothaithigh agus fuinneamh) a aisghabháil sa chás go bhfuil sé sábháilte agus comhlíontach é a dhéanamh. Beidh an dréacht-Straitéis solúbtha chun freagairt ar athrú aeráide, chun tacú le pleananna infheistíochta, agus chun oibriú le beartais níos leithne i dtaca le feirmeoireacht, athchóiriú dúlra agus an geilleagar ciorclach. Go foriomlán, is é an aidhm atá ann ná an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní—lena n-

athraítear fadhb na dramhaíola ina ndeiseanna ach amháin sa chás go bhfuil an tsábháilteacht agus cosaint an dúlra ráthaithe.

## Gnéithe Ábhartha Bhunlíne Reatha an Chomhshaoil (Bunlíne)

Is ionann comhshaol nádúrtha na hÉireann agus ceann de na sócmhainní náisiúnta is tábhachtaí atá ag an tír (GCC, 2012[1], 2016[2], 2020[3] agus 2024[4]). Ach, aithnítear go bhfuil sé faoi bhrú méadaitheach, agus meastar nach bhfuil cáilíocht an chomhshaoil maith. San athbhreithniú is déanaí ar stádas an chomhshaoil, An Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil in Éirinn 2024 (SoER, 2024)[4], leagann an GCC amach scórchárta achomair don dul chun cinn atá á dhéanamh ar fud na príomhreimsí a bhaineann le beartas comhshaoil mar aon leis an treocht/dearcadh ginearálta. Léirítear leis an scórchárta nach bhfuil na feabhsúcháin ar scála cuí agus mar sin nach bhfuil siad leordhóthanach chun na cuspóirí agus na spriocanna náisiúnta fadtéarmacha um chosaint chomhshaoil a chomhlíonadh. **Tábla 3** léirítear an scórchárta ó thuarascáil SOER 2024 an GCC agus leagtar béim ar an ábharthacht leis an dréacht-Straitéis.

**Tábla 3: Measúnú Achomair agus Dearcadh Amach Anseo do Réimse Beartais Comhshaoil ar Leith agus Ábharthacht maidir leis an dréacht-Straitéis**

| Raon an Bheartais | Measúnú Achomair agus Scórchárta Dearcaidh ó SOER 2024 an GCC | An nasc leis na bearta arna leagan amach sa dréacht-Straitéis |
|---|---|---|
| **Aeráid** | ***“Measúnú:* Lag - dúshláin shuntasacha comhshaoil agus/nó comhlíontachta le tabhairt faoi**<br>***Dearcadh:* Níl sé ar an mbóthar ceart tríd is tríd chun cuspóirí agus spriocanna beartais a bhaint amach. Tá dúshláin shuntasacha ann fós ó thaobh comhlíontachta iomláine a bhaint amach de. Tá athrú córasach agus bunathraitheach de dhíth**<br>*Cé go bhfuil dul chun cinn ann i dtaca le tús a chur le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na struchtúir rialachais oiriúnaithe agus na seirbhísí tacaíochta a neartú, tá an measúnú foriomlán reatha don aeráid ‘lag’ (feabhas fíorbheag ó ‘an-lag’ in 2020). Tá feidhmiú iomlán na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus gníomhartha sa bhreis de dhíth má tá Éire chun a spriocanna aeráide 2030 agus 2050 a chomhlíonadh.* | Is ionann earnáil fhoriomlán na talmhaíochta agus an t-údar is mó le hastaíochtaí GCT na hÉireann.<br>Léiríodh i dtaighde go mbíonn comhbhuntáistí ann mar thoradh ar laghdú ar ionchuir leasacháin nítrigine (N) do thalmhaíocht agus/nó sásraí úsáide éifeachtacha a úsáid (amhail LESS) i dtaca le laghdú in N, caillteanais ar uisce agus laghdú i nginiúint $N_2O$ (gás ceaptha teas, as a dtagann 93.0% de ó úsáid leasachán sintéiseach agus aoileach ó ainmhithe. Bhí $N_2O$ mar 8.8% d’astaíochtaí GCT na hÉireann in 2023, agus mar sin is foinse suntasach astaíochtaí é ó thaobh gnímh de. Sa dréacht-Straitéis, tá gníomhartha a bhaineann le ciorclaíocht chothaitheach agus úsáid bhithsholad sa talmhaíocht chun cáilíocht ithreach a fheabhsú lena gcuirtear le laghdú in úsáid leasacháin shintéisigh agus mar sin, beidh ról ann a chuirfidh le laghdú astaíochtaí GCT ón earnáil talmhaíochta. |
| **Caighdeán an Aeir agus Astaíochtaí** | ***“Measúnú:* Measartha – ar an mbóthar ceart go ginearálta/dúshláin áitiúla nó anois is arís**<br>***Dearcadh:* Ar an mbóthar ceart i bpáirt chun comhlíontacht iomlán a bhaint amach nó bearta i bhfeidhm nó beartaithe lena gcuirfear leis an stádas. Tá an dearcadh ag brath ar ghníomhartha, ar bhearta agus ar phleananna** | Tá tionchar teoranta ag an dréacht-Straitéis ar cháilíocht an aeir áitiúil agus chomhthimpeallaigh. Is ionann 0.2% d’astaíochtaí talmhaíochta iomlána agus na bithsholaid a úsáidtear ar ithreacha.[5] Cuirfidh an dréacht-Straitéis le cáilíocht náisiúnta an aeir i mbealach dearfach trí bhealaí úsáide eile |

[1] Comhshaol na hÉireann 2012 - Measúnú | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

[2] Comhshaol na hÉireann 2016 - Measúnú | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

[3] Comhshaol na hÉireann 2020 - Measúnú | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

[4] Tuarascáil an GCC ar Staid an Chomhshaoil in Éirinn 2024 (2024). Ar fáil ag: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/state-of-the-environment/irelands-state-of-the-environment-report-2024.php

[5] EPA (2024). Aighneachtaí UNECE na hÉireann 2024. Ar fáil ag: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/irelands-unece-submissions-2024

| Raon an Bheartais | Measúnú Achomair agus Scórchárta Dearcaidh ó SOER 2024 an GCC | An nasc leis na bearta arna leagan amach sa dréacht-Straitéis |
|---|---|---|
| | ***atá ann cheana féin agus atá beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm agus iad éifeachtach*** | seachas leathadh talún a úsáid trí mheán úsáid éifeachtach na huirlise tacaíocht cinnteoireachta i dtaca le hiompar bithsholad. Tugtar aghaidh ar astaíochtaí a bhaineann le hiompar trí Uirlis Tacaíochta Cinnteoireachta (DST) straitéisí a bhaineann le bithacmhainní náisiúnta lena mbarrfheabhsaítear straitéisí iompair agus lena gcinntítear iompar ag a bhfuil carbón níos ísle.<br>. |
| | *Tá an measúnú reatha foriomlán i dtaca le haer 'measartha' (mar a bhí in 2020). Tá Éire comhlíontach leis na caighdeáin reatha um cháilíocht an aeir ó thaobh go leor truailleán aeir de. Ach, níl na treoirlínte arna leagan amach ag EDS i dtaca le háireamh truailleán á gcomhlíonadh ag Éirinn, lena n-áirítear PM2.5, agus tá Éire neamh-chomhlíontacht ó thaobh sprioc laghdaithe amóinia an AE de. Beidh dúshlán ag baint le huaillmhianta na Straitéise Náisiúnta um Aer Glan a bhaint amach agus teorainnluachanna na Treorach maidir le Cáilíocht an Aeir ón AE ó 2030 ar aghaidh a chomhlíonadh ach beidh tionchar suntasach agus dearfach ar an tsláinte."* | |
| **Uisce** | ***"Measúnú:* Lag - dúshláin shuntasacha comhshaoil agus/nó comhlíontachta le tabhairt faoi**<br>***Dearcadh:* Ar an mbóthar ceart i bpáirt chun comhlíontacht iomlán a bhaint amach nó bearta i bhfeidhm nó beartaithe lena gcuirfear leis an stádas. Tá an dearcadh ag brath ar ghníomhartha, ar bhearta agus ar phleananna atá ann cheana féin agus atá beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm agus iad éifeachtach** | Is é príomhaidhm na dréacht-Straitéise, rud a chuireann leis an NWSMP atá ann cheana féin, ná le cinntiú go mbíonn bainistiú bithacmhainní ar siúl go hinbhuanaithe mar chuid de na próisis cóireála fuíolluisce. Cuirfidh sé sin le cosaint cháilíocht an uisce dromchla agus an tscreamhuisce a chinntiú chomh maith.<br>Cé go dtugtar dearcadh náisiúnta sa mheasúnú foriomlán i scórchárta an SOER, 2024 atá dírithe ar dhoirteadh fuíolluisce mar bhrú suntasach, ba chóir aird a thabhairt ar an tuarascáil, áit a luaitear go bhfuil laghdú ar líon na ndobharlach faoi thionchar fuíolluisce mar thoradh ar infheistíocht mhéadaitheach agus uasghrádú ar ionaid cóireála fuíolluisce. Chomh maith leis sin, leagtar béim ar an talmhaíocht mar an brú is suntasaí ar dhobharlaigh mar gheall ar chaillteanas cothaitheach.<br>Anuas air sin, léirítear i sonraí an GCC le déanaí go bhfuil dlús níotráite ag beagnach leath dár n-aibhneacha (44%) atá os cionn 8 mg/l $NO_3$ in 2024 agus go raibh 20% de na dobharlaigh inbhearacha agus cósta ró-ard ó thaobh nítrigine neamhorgánaí tuaslagtha de (GCC, 2025[6]). Tá tromlach na láithreán abhann ag a bhfuil dlús níotráite níos airde suite i ndeisceart agus in oirdheisceart na tíre. Tuairiscíodh gurbh é ceann de na príomhchúiseanna a chuireann isteach ar cháilíocht uisce ná an rith de chothaithigh, de dhríodair agus de lotnaidicíd ó thailte talmhaíochta agus ó chlóis feirme. Cé gur chuid bheag é sloda de líon iomlán na leasachán a leathadh, tá scóip ann le haghaidh tuilleadh gnímh agus cosanta uisce laistigh den dréacht-Straitéis chun tacú leis an treocht sin a athrú i gcomhréir le cuspóirí an Chreat-Treorach Uisce agus an WSSP. |
| | *Tá an measúnú reatha foriomlán i dtaca le huisce 'lag' (mar a bhí in 2020). Tá na treochtaí measctha fós gan aon dul chun cinn glan i gcáilíocht uisce abhann nó locha le blianta beaga anuas, laghdú géar i líon na n-inbhear ar a dhéantar monatóireacht orthu i mbail éiceolaíoch sásúil agus doirteadh díreach leanúnach de shéarachas amh nó cóireáilte go heasnamhach isteach go huisce ó 19 ceirtleán. Tá dúshláin shuntasacha fós ann chun comhlíontacht iomlán oibleagáidí an AE agus cuspóirí beartais náisiúnta a bhaint amach."* | |

[6] EPA, 2025. Cáilíocht an Uisce in 2029-2024. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/freshwater--marine/EPA-Water-Quality-in-Ireland-Report.pdf

| Raon an Bheartais | Measúnú Achomair agus Scórchárta Dearcaidh ó SOER 2024 an GCC | An nasc leis na bearta arna leagan amach sa dréacht-Straitéis |
|---|---|---|
| **An Dúlra** | ***"Measúnú:* An-lag / dúshláin shuntasacha comhshaoil agus/nó comhlíontachta le tabhairt faoi**<br>***Dearcadh:* Níl sé ar an mbóthar ceart tríd is tríd chun cuspóirí agus spriocanna beartais a bhaint amach. Tá dúshláin shuntasacha ann fós ó thaobh comhlíontacht iomlán a bhaint amach de. Tá athrú córasach agus bunathraitheach de dhíth**<br>*Tá an measúnú reatha foriomlán i dtaca leis an dúlra 'an-lag' (mar a bhí in 2020). Tá treochtaí atá ag dul in olcas chun cinn, go háirithe i dtaca le gnáthóga agus pobal éan faoi chosaint, agus níl Éire ar an mbóthar ceart chun na cuspóirí beartais i dtaca leis an dúlra a chomhlíonadh. Cé gur cuireadh fáilte roimh leathnú na gceantar mara faoi chosaint le déanaí, tá cúinsí forleathana sa bhreis de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na laghduithe sa dúlra agus sa bhithéagsúlacht."* | Is é ceann d'aidhmeanna na dréacht-Straitéise ná réitigh bunaithe ar an dúlra a thabhairt isteach sna láithreáin cóireála fuíolluisce chun na buntáistí a bhaint don bhithéagsúlacht. Tá sí tiomanta do phróisis bainistithe bithacmhainní a dhéanamh i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga Nádúrtha, 2011, arna leasú mar aitheantas ar na fadhbanna bithéagsúlachta níos leithne. |
| **Dramhaíl agus an Geilleagar Ciorclach** | ***"Measúnú:* Lag - dúshláin shuntasacha comhshaoil agus/nó comhlíontachta le tabhairt faoi**<br>***Dearcadh:* Ar an mbóthar ceart i bpáirt chun comhlíontacht iomlán a bhaint amach nó bearta i bhfeidhm nó beartaithe lena gcuirfear leis an stádas. Tá an dearcadh ag brath ar ghníomhartha, ar bhearta agus ar phleananna atá ann cheana féin agus atá beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm agus iad éifeachtach**<br>*Tá measúnú foriomlán reatha i dtaca leis an ngeilleagar ciorclach agus dramhaíl lag (mar a bhí in 2020) ach tá dul chun cinn ar siúl i roinnt réimsí chun an fheidhmíocht a fheabhsú. Tá giniúint dramhaíola fós ag fás, i ndearbhthéarmaí agus per capita, agus tá Éire fós ró-spleách ar mhargaí easpórtála i dtaca le hathchúrsáil agus dramhaíl iarmharach bardais a chóireáil. Tá ráta athchúrsála do shruthanna dramhaíola bardais agus pácáistíochta plaistí i mbaol agus ní mór iad a mhéadú go práinneach chun spriocanna 2025 a bhaint amach. Is forbairtí dearfacha iad idirghabhálacha le déanaí amhail an Scéim Éarlaise agus Aisíoca, feidhmiú céimneach reachtaíochta na seirbhíse bailithe dramhaíola orgánaí, aisghabháil tobhach agus cinntí náisiúnta maidir le deireadh dramhaíola agus fotháirgí ach níl na tionchair le feiceáil go fóill. Tá na rátaí úsáide a bhaineann le hábhar ciorclach fós an-íseal i gcomparáid leis an meán Eorpach agus ní mór d'Éirinn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earnála ar leith chun an t-aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach a luasghéarú."* | Sa dréacht-Straitéis cuirtear feabhas i gciorclaíocht cothaitheach gann ar fáil amhail fosfar agus sa chaoi sin, tá an dréacht-Straitéis dírithe chun cur le geilleagar ciorclach agus carbón glan-nialasach a bhaint amach in earnáil na cóireála fuíolluisce. |

### Achoimre Bhunlíne

Tá comhshaol na hÉireann i ndea-chaoi go ginearálta, ach tá fadhbanna tábhachtacha ann agus gníomh de dhíth uathu láithreach. Áirítear leis sin damáiste do ghnáthóga, truailliú uisce agus aeir, athrú aeráide, agus tionchair a bhaineann le forbairt nua (tithíocht, feirmeacha agus gnólachtaí).

Is ionann daonra na hÉireann agus thart ar 5.1 milliún. Dá mhéad daoine agus dá mhéad gníomhaíochta is ea is mó brú ar uisce, ar thalamh agus ar an dúlra, agus is airde an riosca go mbaineann truailleáin ár

gcórais fuíolluisce amach. Tá go leor de ghnáthóga nádúrtha na hÉireann i ndrochbhail. Tá thart ar cheithre as gach deich ngnáthóg faoin gcaighdeán caomhnaithe sásúil agus tá beagnach leath dóibh i ndrochbhail. Mar gheall ar athrú aeráide agus caillteanas nó damáiste leanúnach gnáthóg, tá an dearcadh i dtaca leis an dúlra ina chúis imní. Tá tábhacht ag baint leis an mbithéagsúlacht a chosaint mar is trí mheán dúlra sláintiúil a thacaítear le huisce glan, le hithreacha maithe agus leis an bhfolláine ghinearálta.

Tá cáilíocht ithreach go foriomlán réasúnta maith, ach tá brúnna méadaitheacha ann. Áirítear leis sin ithir á clúdú (séalú), á comhbhrú, ábhar orgánach agus bithéagsúlacht á gcailleadh, creimeadh agus roinnt éilithe. Léirítear bearnaí i staidéir ar ithir na hÉireann agus moltar go bhfuil monatóireacht níos fearr de dhíth. Faoi láthair níl aon teorainn náisiúnta in Éirinn i dtaca le truailleáin orgánacha i sloda fuíolluisce, agus chuir roinnt tíortha eile deireadh le húsáid sloda fuíolluisce sa talmhaíocht agus d’athraigh siad chuig a úsáid chun críocha giniúna fuinnimh agus aisghabhála cothaitheach. Aimsíodh trí staidéir go bhféadfadh bithsholaid a bheith ina bhfoinse micreaplaisteach in ithreacha, ach tá tuilleadh taighde agus fianaise de dhíth chun an tionchar ar cheimic na hithreach agus ar an gcomhshaol a mheas.

Tá thart ar 48% d’uiscí dromchla na hÉireann (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) i mbail nach bhfuil sásúil. Is príomhchúis cáilíochta uisce atá níos laige iad cothaithigh (ó fheirmeoireacht agus ó fhoinsí eile go príomha). Tá roinnt feabhsuithe le feiceáil i réimsí áirithe ach déantar iad a fhritháireamh ag laghduithe in áiteanna eile. Tá bail níos fearr ag screamhuisce: tá stádas maith ceimiceach agus cainníochta ag 92% de dhobharlaigh screamhuisce de réir measúnuithe le déanaí.

Go hiondúil, tá cáilíocht aer na hÉireann go maith agus comhlíontar teorainneacha an AE i dtaca leis na truailleáin is mó a dhéantar monatóireacht orthu, lena n-áirítear cáithníní beaga, dé-ocsaíd sulfair agus cinn eile. Tá gáis cheaptha teasa san atmaisféar á méadú mar gheall ar ghníomhaíocht dhaonna, ó bhreoslaí iontaise a dhó agus ó thalmhaíocht don mhórchuid. Tá spriocanna láidre náisiúnta aeráide socraithe ag Éirinn. Léirítear i dtuairisciú le déanaí gur thit astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána na hÉireann thart ar 6.8% ó 2022 go 2023, go thart ar 54.9 milliún tonna de choibhéis $CO_2$. Ach fós féin, tá laghduithe níos mó agus níos tapa de dhíth chun buiséid charbóin dhlíthiúla agus spriocanna náisiúnta a chomhlíonadh

Tá feasacht atá ag dul i méid gur féidir le truailleáin—ó thithíocht, ó ghnólachtaí, ó fheirmeacha agus ó cógais—dul isteach san fuíolluisce agus bheith mar bhithsholaid (an t-ábhar orgánach cóireáilte atá ann i ndiaidh an fuíolluisce a phróiseáil). Mhol an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) measúnú náisiúnta ar úsáid sloda fuíolluisce ar fheirmeacha chun sonraí níos fearr a bhailiú agus chun a chaoi a rianaítear agus a bhainistítear na hábhair sin a fheabhsú.

Tugtar isteach ionchais níos airde le rialacha nua an AE (an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú) a glacadh go deireanach in 2024). Tá tuilleadh monatóireacht de dhíth orthu (lena n-áirítear monatóireacht ar mhicreaplaisteach agus astaíochtaí gás ceaptha teasa), níos mó athchúrsála agus aisghabhála fuinnimh, agus spriocanna a bhaineann le fuinneamh nó neodracht aeráide i gcórais fuíolluisce (20% faoi 2030 agus 70% faoi 2040). Ní mór go léirítear na hoibleagáidí nua sin sa dréacht-Straitéis.

## An Creat um Measúnú

Úsáidtear córas cuspóirí, spriocanna agus táscairí sa SEA chun creat um measúnú don phlean a shocrú. Úsáidtear téamaí leathana sa tuarascáil seo, bunaithe ar ábhair chomhshaoil arna liostú i dTreoir SEA, chun tacair sonraí mhóra faoin gcomhshaol a chur le chéile i ngrúpaí, m.sh. sláinte an duine, ithir, cáilíocht an aeir, srl. Sannadh Cuspóir Straitéiseach Comhshaoil ardleibhéil amháin ar a laghad ar gach ceann de na téamaí sin, lena sonraítear rogha treoir chun athraithe, m.sh. truailliú ithreach a laghdú, agus is féidir tionchair amach anseo na bpleananna a thomhas i gcomparáid leis. Cuirtear na SEOnna ardleibhéil sin le spriocanna ar leith ansin. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn i dtaca leis na spriocanna sonracha sin a bhaint amach trí Tháscairí a úsáid. Rinneadh measúnú ar gach ceann de roghanna eile na dréacht-Straitéise agus na dréachtghníomhartha i gcomparáid leis na SEOnna mar a léirítear in **Tábla 4** chun fáil amach faoin gcaoi a chuirfidh siad (nó nach gcuirfidh siad) leis na rogha torthaí a bhaint amach. Leagadh amach na hidirnasic le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chomh maith, chun an chaoi gur féidir leis an dréacht-Straitéis cur leis an iarracht náisiúnta beartais go ginearálta chun na SDGanna a bhaint amach trí chur chun feidhme a gníomhartha a léiriú.

**Tábla 4: Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil**

| A ghabhann le hÁbhar/Ábhair SEA | Cuspóir(í) an SEA | Critéir Mheasúnaithe (dá mhéad is a dhéanfar sa dréacht-Straitéis Gníomhartha/Bearta…) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha na Náisiún Aontaithe |
|---|---|---|---|
| **Daonra agus Sláinte an Duine** | **Cuspóir 1:** (a) Chun sláinte phoiblí a chosaint agus an riosca uirthi a laghdú ó phróisis agus ó tháirgí fuíolluisce.<br>(b) Chun sábháilteacht bhia ó athúsáid nó sil-leagan táirgí sloda fuíolluisce ar thailte talmhaíochta a chinntiú. | • Chun a chinntiú gur féidir na caighdeáin cháilíochta don chóireáil fuíolluisce a bhaint amach;<br>• Chun a chinntiú gur féidir na caighdeáin cháilíochta do tháirgí sloda fuíolluisce a bhaint amach;<br>• Tabhairt faoi athúsáid chuí, inbhuanaithe agus sábháilte táirgí sloda fuíolluisce.<br>• Feasacht maidir le hathúsáid inbhuanaithe agus sábháilte táirgí sloda fuíolluisce a chur chun cinn. | SPRIOC 3: Beatha shláintiúil a chinntiú agus folláine do chách ag gach aois a chur chun cinn. |
| **Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna** | **Cuspóir 2:**<br>Bithéagsúlacht talún, uisceach agus ithreach a chaomhnú agus a chosaint, go háirithe láithreáin ainmnithe an AE agus speicis faoi chosaint ó athúsáid nó ó shil-leagan táirgí sloda fuíolluisce i nó ar ghabhdóirí íogaire. | • An gcuirtear le cuspóirí cosanta comhshaoil faoin gCreat-Treoir Uisce, faoin Treoir um Ghnáthóga agus faoin Treoir um Éin chun iad a bhaint amach?<br>• Cur le haeráid chomhtháite, leis an mbithéagsúlacht, le buntáistí ithreach agus uisce. | SPRIOC 15: Úsáid inbhuanaitheach éiceachóras talún a chosaint, a athchóiriú agus a chur chun cinn, foraoiseacha a bhainistiú i mbealach inbhuanaithe, troid in aghaidh fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a thiontú thart agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta. |
| **Talamh agus Ithir** | **Cuspóir 3:** Cáilíocht, torthúlacht agus cainníocht ithreach a chosaint ó úsáid nó sil-leagan táirgí sloda fuíolluisce ar thailte agus ar ithir. | • An acmhainn náisiúnta ithreach a chosaint.<br>• Ithreacha a chosaint ó thruailliú agus díghrádú na hacmhainne ithreach a chosc.<br>• Tacú le forbairt inbhuanaithe agus bainistiú úsáide talún. | SPRIOC 15: Úsáid inbhuanaitheach éiceachóras talún a chosaint, a athchóiriú agus a chur chun cinn, foraoiseacha a bhainistiú i mbealach inbhuanaithe, troid in aghaidh fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a thiontú thart agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta. |
| **Uisce** | **Cuspóir 4 (a):** Cáilíocht an uisce (uiscí dromchla, screamhuiscí agus uiscí mara) a chosaint ó phróisis bainistithe fuíolluisce agus táirgí sloda.<br>**(b)** Cur leis na cuspóirí faoin gCreat-Treoir Uisce chun iad a bhaint amach, m.sh. Dea-Stádas Comhshaoil nó Dea-Stádas Éiceolaíoch ar a laghad nó bhaint amach nó a chóiméad. | • Tacú le cosaint cháilíocht agus stádas an uisce trí chóireáil chuí agus próisis athúsáide agus modhanna úsáide a úsáid do shlodaí fuíolluisce. | SPRIOC 6: Infhaighteacht agus bainistiú inbhuanaithe uisce agus córais séarachais do chách a chinntiú.<br>SPRIOC 14: Na haigéin, na mara agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe. |

| A ghabhann le hÁbhar/Ábhair SEA | Cuspóir(í) an SEA | Critéir Mheasúnaithe (dá mhéad is a dhéanfar sa dréacht-Straitéis Gníomhartha/Bearta…) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha na Náisiún Aontaithe |
|---|---|---|---|
| **Cáilíocht an Aeir** | **Cuspóir 5:** Astaíocht go haer ó phróisis bainistithe sloda a íoslaghdú. | • Tionchar diúltach ar cháilíocht an aeir a sheachaint.<br>• Sil-leagain atmaisféaracha trasteorann ar ghabhdóirí íogaire a íoslaghdú. | SPRIOC 11: Cur le hionchuimsitheacht, sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht cathracha agus lonnaíochtaí daonna. |
| **Tosca Aeráide** | **Cuspóir 6:** (a) GCT ó phróisis bainistithe sloda a laghdú<br>(ii) Athléimneacht an bhonneagair agus na próisis cóireála fuíolluisce in aghaidh na dtionchar athraithe aeráide a chinntiú. | • Astaíochtaí GCT a laghdú laistigh den earnáil bainistithe fuíolluisce.<br>• Glacadh le modhanna nó teicneolaíochta chun athléimneacht ar thionchair athraithe aeráide a mhéadú.<br>• Cur leis na prionsabail geilleagair chiorclaigh agus neodrachta. | SPRIOC 13: Glac gníomh práinneach chun troid i gcoinne athrú aeráide agus na tionchair a bhaineann leis |
| **Sócmhainní Ábhartha** | **Cuspóir 7:** Athléimneacht agus inbhuanaitheacht saoráidí nua agus uasghrádaithe fuíolluisce agus próiseas a chinntiú. | • Úsáid éifeachtach infheistíochta don bhonneagar fuíolluisce inbhuanaithe agus do na próisis a chinntiú.<br>• Tacú le hinfheistíocht agus cur chun cinn leanúnach nuálaíochtaí agus taighde nua. | SPRIOC 8: Fás eacnamaíoch leanúnach, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht lán agus táirgiúil agus obair mhaith do chách a chur chun cinn.<br>SPRIOC 9: Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclú ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.<br>SPRIOC 12: Pátrúin inbhuanaithe ídithe agus táirgthe a chinntiú. |
| **Oidhreacht Chultúrtha** | **Cuspóir 8:** Áiteanna, gnéithe, foirgnimh agus tírdhreacha oidhreachta cultúrtha, stairiúil, seandálaíochta nó ailtireachta a chosaint ó fhorbairtí nó ó phróisis bonneagair fuíolluisce. | • Áiteanna, gnéithe, foirgnimh agus tírdhreacha oidhreachta cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta a chosaint.<br>• Próisis agus forbairtí bainistithe fuíolluisce a lonnú agus a bhainistiú go cuí a chinntiú. | SPRIOC 11: Cur le hionchuimsitheacht, sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht cathracha agus lonnaíochtaí daonna. |
| **Tírdhreach** | **Cuspóir 9:** Saintréith tírdhreacha agus taitneamhacht amhairc a chosaint ó fhorbairt bonneagair fuíolluisce. | • Damáiste do thírdhreacha agus/nó muirdhreacha ainmnithe mar thoradh ar chur chun feidhme na Straitéise deiridh a sheachaint. | |

# Roghanna Eile a Mheas

Thuig foireann na dréacht-Straitéise agus foireann an SEA go raibh meas ar roghanna eile ina phróiseas atriallach agus mar sin bhí plé acu ar an ábhar sin ó na céimeanna tosaigh, ar an gcéad dul síos pléadh é i dtaca le raon feidhme an SEA agus tabhairt faoi thuilleadh measa agus anailíse ar roghanna eile ar fud an phróisis SEA. Bhí Treoir an GCC 2015 mar bhunús an phlé maidir le roghanna eile: *Roghanna eile a Fhorbairt agus a Mheasúnú in SEA*[7]. Cuirtear an treoir sin ar bhealach ceithre phríomhchritéar roghanna eile agus catagóirí leathana roghanna eile atá réalaíoch, réasúnta, indéanta agus is féidir a chur i bhfeidhm.

Tá achoimre thíos ar na príomhphointí a pléadh ag ceardlanna faoi roghanna eile:

- An fhadhb maidir le truailleáin atá ag teacht chun cinn agus an mhonatóireacht agus inrianaitheacht ghaolmhar bhithsholad;
- Ardleibhéil truailleán i láisteáit ó líonadh talún agus ó ionaid athchúrsála;
- An gá le deimhniúcháin cháilíochta do bhithsholaid;
- Fadhbanna maidir le hinfhaighteacht talún agus bealaí úsáide eile seachas leathadh talún;
- Ceanglas an AE maidir le spásmhapáil don leathadh talún;
- Teicneolaíochtaí éifeachtúla agus inbhuanaithe don triomú teirmeach agus do theicneolaíochtaí cóireála eile;
- Líon na saoráidí agus an lóistíocht agus lorg carbóin ghaolmhar a mhéadú;
- Laghdú méadaithe ar mhéid an tsloda agus ionaid nua a thabhairt isteach chun an riachtanas iompair a laghdú; agus
- Staidéir phíolótacha ar na tionchair a bhaineann le leathadh talún bithsholad ar thailte talmhaíochta.

Ag féachaint do chineál ardleibhéil na straitéise, na saincheisteanna a tháinig chun cinn sna ceardlanna idir fhoireann na Straitéise agus foireann an SEA agus aiseolas scóipe a fuarthas le linn an chomhairliúcháin scóipe, tá na roghanna eile a measadh don dréacht-Straitéis le fáil in **Tábla 5**.

**Tábla 5: Na Roghanna Eile a Measadh**

| Catagóir | Raon Feidhme na Roghanna Eile a Measadh | Imlíne na Roghanna Eile |
|---|---|---|
| **Foinse** | Glacadh Láisteáite | **Láisteáit 01** – Gnó mar is gnáth i saoráidí UÉ a ghlacann le láisteáit ó Líonadh Talún agus ó Ionaid Athchúrsála.<br>**Láisteáit 02** – Beidh UÉ ag obair le hoibreoirí fuíolluisce agus le hÚdaráis Áitiúla chun treochlár fágála a shocrú as a dtiocfaidh féindóthain san earnáil ó thaobh an fhotháirge de. |
| **Dearbhú Cáilíochta** | Scéimeanna Deimhniúcháin | **Cáilíocht 01** - Gnó mar is gnáth ag brath ar bhainistiú riosca sainordaithe gan aon scéim deimhniúchán fhorlíontach i bhfeidhm.<br>**Cáilíocht 02** – Scéim deimhniúcháin a thabhairt isteach chun trédhearcacht i leathadh talún a mhéadú. |
| | Tuairisciú a dhéanamh | **Tuairisciú 01** - Cur le tuairisciú de réir cheanglais an Aontais Eorpaigh (AE); nó<br>**Tuairisciú 02** – Cur le ceanglais tuairiscithe an Aontais Eorpaigh (AE) le mapáil agus anailís íogaireachta. |
| **Cóireáil** | Cóireáil Sloda | **Cóireáil Sloda 1** – Díriú ar chobhsú aoil agus ar dhíleá anaeróbach mar na príomhbhealaí cóireála sloda.<br>**Cóireáil Sloda 2** – Úsáid an ard-díleá anaeróbaigh a leathnú don chóireáil sloda chun acmhainn aisghabhála fuinnimh a mhéadú agus an méid a laghdú.<br>**Cóireáil Sloda 3** – Ard-athrú teirmeach a thabhairt isteach don aisghabháil fuinnimh agus cothaitheach agus chun an méid a laghdú. |
| **Iompar** | Iompar | **Iompar 01 -** Gnó mar is gnáth; nó<br>**Iompar 02 -** Fad agus cainníochtaí sloda a laghdú / a íoslaghdú. |
| **Athúsáid** | Leathadh Talún | **Leathadh Talún 01** – Leanúint ar aghaidh le leathadh talún na mbithsholad mar is gnáth. |

[7] Roghanna eile a Fhorbairt agus a Mheasúnú in SEA, GCC 2015

| | | |
|---|---|---|
| | | **Leathadh Talún 02** – Clár monatóireachta láidir a chur ar fáil lena mbunaítear an bunús fianaise sa ghearrthéarma chun tacú le leathadh talún agus suíomhanna oiriúnacha eile a shainaithint, nuair is gá. |

### An Rogha Cás

Rinneadh tuilleadh measúnaithe ar na roghanna eile thuasluaite trí chur chuige measúnaithe treoraithe ag cuspóirí i gCaibidil 7 de ER an SEA. Is iad na roghanna eile is fearr ó thaobh an chomhshaoil de ná *Láisteáit 02, Cáilíocht 02, Tuairisciú 02, Cóireáil Sloda 01,02 agus 03, Iompar 02 agus Leathadh Talún 02* i gcomhthéacs níos leithne angheilleagair chiorclaigh, neodrachta carbóin agus inbhuanaitheachta.

## Measúnú ar Chás Roghnaithe agus Maolú

| Tagairt an Chuspóra Straitéisigh | Achoimre na nGníomhartha agus Measúnaithe | Maolú (✓/×) |
|---|---|---|
| **Bainistiú Inbhuanaithe Sloda Fuíolluisce agus Bithacmhainní** | *Tá gníomhartha 1.1-1.10* a beartaíodh faoin gCuspóir Straitéiseach dírithe ar bhainistiú sloda fuíolluisce agus acmhainní a athrú ó bhonn ó dhiúscairt dramhaíola go córas ciorclach, ísealcharbóin trí aisghabháil fuinnimh (bithghás/bithmheatán, teas) a uasmhéadú, cothaithigh agus ábhair luachmhara a aisghabháil, teicneolaíochtaí Ard-Athraithe Teirmeacha a thástáil, agus taighde agus pleanáil infheistíochta fhadtéarmach a neartú. Má chuirtear i bhfeidhm i gceart iad, d'fhéadfadh na gníomhartha sin buntáistí soiléire náisiúnta agus réigiúnacha a chur ar fáil i bhfoirm astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe, slándáil fuinnimh níos fearr, aisghabháil acmhainní feabhsaithe agus deiseanna nua eacnamaíochta. Ach, táthar ag tnúth le tionchair áitiúla agus na gníomhartha sin á gcur i bhfeidhm (astaíochtaí bolaidh agus aeir, truailliú féideartha ithreach agus uisce ó dhíleáiteán/táirgí aisghafa, agus tionchair láithreáin ó bhonneagar nua (tógáil, tionchair físe/tírdhreacha, cur isteach ar ghnáthóga). Tá éiginnteachtaí tábhachtacha ann fós i dtaca le méadú de réir scála ATC/pirealaithe, bunábhair comhdhíleá agus ullmhacht don mhargadh do tháirgí aisghafa; mar sin beidh na torthaí ag brath go mór ar thástálacha píolótacha céimneacha, ar shonraíochtaí déine bunábhair/táirgí, ar mhonatóireacht láidir, ar lonnú cúramach bonneagair, agus ar rialachas trédhearcach. | ✓ |
| **Ár gComhshaol a Chosaint agus a Athchóiriú** | Tá *gníomhartha 2.1-2.15* a beartaíodh faoin gCuspóir Straitéiseach seo dírithe ar an gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú, fad a choinnítear roghanna eile inbhuanaithe sábháilte ann i dtaca le hathúsáid sloda fuíolluisce agus bithacmhainní. Baineann siad le réitigh bunaithe ar an dúlra a úsáid (m.sh. giolcarnach shloda), glanghnóthachan bithéagsúlachta a sholáthar, monatóireacht agus comhlíonadh rialála a neartú, Scéim Cáilíochta Bithsholad a fhorbairt, truailleáin atá ag teacht chun cinn a bhainistiú, rialú foinse a fheabhsú agus measúnú ar riosca ó eisilteach tionsclaíochta, agus bealaí úsáide eile agus stóráil straitéiseach a chur ar fáil. Tá tionchair dhearfacha ag na gníomhartha sin don bhithéagsúlacht, do cháilíocht na hithreach agus an aeir, don tsláinte phoiblí agus don gheilleagar ciorclach. Dá ainneoin sin, tá rioscaí suntasacha fós ann lena n-áirítear aistriú éilleán, tionchair foirgníochta a bhaineann leis an mbonneagar atá de dhíth agus tionchair iompair, agus éiginnteachtaí margaidh/ama do bhealaí úsáide eile. Mar sin tá sé riachtanach go dtugtar aghaidh orthu sin trí chaighdeáin oibriúcháin athbhreithnithe, trí mhonatóireacht láidir, tionscadail phíolótacha do theicneolaíochtaí nua agus rialachas soiléir chun na buntáistí comhshaoil atá luaite a bhaint amach. | ✓ |

| Tagairt an Chuspóra Straitéisigh | Achoimre na nGníomhartha agus Measúnaithe | Maolú (✓/×) |
|---|---|---|
| **Tacú lenár bPobail, lenár bhFás, agus leis an mBithgheilleagar** | Tá *gníomhartha 3.1–3.4* a beartaíodh faoin gCuspóir Straitéiseach seo dírithe ar bhoinn sóisialta, bheartais agus phleanála atá de dhíth a chruthú chun úsáidí ciorclacha bithsholad agus bithacmhainní a mhéadú. Baineann na gníomhartha beartaithe le glacadh pobail agus le feasacht faoi dhearbhú cáilíochta a chruthú, caidreamh gníomhach a bheith le rialtóirí an AE agus náisiúnta maidir le rialacha an gheilleagair chiorclaigh, éileamh láidir a neadú agus fás a réamhaisnéisiú chun infheistíocht a stiúradh, agus gníomhaíocht a ailíniú le pleanáil áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Meastar go bhfuil na gníomhartha sin ina ngníomhartha cumasúcháin go leathan agus dearfach go hindíreach don tsláinte phoiblí, do cháilíocht uisce agus ithreach, don bhithéagsúlacht agus do laghdú gáis ceaptha teasa trí athúsáid níos sábháilte bunaithe ar fhianaise agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh. Cabhróidh caidreamh gníomhach leanúnach le rialtóirí, le húdaráis phleanála agus le páirtithe leasmhara eile le coimhlintí maidir le bonneagar bithacmhainní, riachtanais úsáide talún agus cosaintí comhshaoil a laghdú. | × |
| **Oibriú Éifeachtach Ionad Sloda Fuíolluisce agus Bithacmhainní** | Tá g*níomhartha 4.1–4.6* beartaithe faoin gCuspóir Straitéiseach seo dírithe ar thaobh oibriúcháin an bhainistithe sloda agus bithacmhainní a dhéanamh níos éifeachtaí, níos lú riosca agus níos ísle ó thaobh carbóin de trí ionchuir dhíobhálacha a bhaint (m.sh., láisteáit ó líonadh talún), rialuithe iompair agus conraitheora a dhéanamh níos doichte, feidhmíocht dí-uiscithe a fheabhsú, na Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin a nuashonrú, iompar ísealcharbóin a bharrfheabhsú trí uirlis tacaíochta cinnteoireachta, agus trí thriomú réamhchóireála éifeachtúil a úsáid taobh le ATC chun aisghabháil acmhainní a uasmhéadú. Toisc go bhféadfadh truailleáin a bheith i láisteáit, bheadh tionchair dhearfacha dhíreacha agus indíreacha ann don timpeallacht ghlactha má bhaintear den phróiseas fuíolluisce é. Ach, tá na tionchair dhearfacha sin ag brath ar chóireáil agus ar dhiúscairt inbhuanaithe na láisteáite in áiteanna eile. Ar an mbealach céanna, má chuirtear na gníomhartha atá fágtha i bhfeidhm i mbealach ata comhordaithe, le go leor cistiúcháin agus treoraithe ag fianaise, d’fhéadfadh na bearta sin cur le feabhsúcháin i gcáilíocht an uisce agus na hithreach, laghdú in astaíochtaí iompair agus i gcostais oibriúcháin, agus aisghabháil níos fearr fuinnimh agus ábhar. | × |

## Monatóireacht a dhéanamh

Éilítear ar Bhallstáit monatóireacht a dhéanamh ar thionchair shuntasacha comhshaoil fheidhmiú na bpleananna ionas gur féidir aon tionchar diúltach gan choinne a shainaithint, agus tabhairt faoin ngníomh cuí. Forbraítear clár monatóireachta bunaithe ar na táscairí a roghnaíodh chun dul chun cinn ó thaobh na spriocanna a cuireadh le gach SEO a bhaint amach de a rianú, mar sin cumasaítear tionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar an gcomhshaol a thomhas.

Tá na bearta monatóireachta beartaithe dírithe ar ghnéithe den chomhshaoil is dóigh a bheadh faoi thionchar suntasach an dréacht-NBioS agus ó shainaithint na bpríomhthreochtaí agus réimsí faidhbe. Nuair is féidir, roghnaíodh táscairí bunaithe ar infhaighteacht sonraí/faisnéise agus chun athruithe a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar fheidhmiú an NBioS a léiriú. I gCaibidil 9 den Tuarascáil Chomhshaoil, léirítear an Clár Monatóireachta Comhshaoil atá beartaithe.

## Na Chéad Chéimeanna Eile

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn faoin dréacht-Straitéis agus / nó faoi na tuarascálacha comhshaoil gaolmhara (SEA agus AA) a chur isteach faoi 5pm ar an Máirt, an 21 Iúil 2026 trí:

https://www.water.ie/projects/strategic-plans/bioresources

Ba chóir a thabhairt faoi deara ar mhaithe le trédhearcacht, cuirfear aighneachtaí agus barúlacha uile a gheofar le linn an chomhairliúcháin phoiblí sin san áireamh agus déanfar iad a thaifeadadh i dTuarascáil an Chomhairliúcháin Phoiblí.